Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2017
(OR. en)

11272/17
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0158 (COD)**

UD 183
ENFOCUSTOM 175
EF 167
ECOFIN 649
JAI 694
COSI 166
COTER 74
RELEX 658
DROIPEN 104
COPEN 239
CODEC 1251

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 375 final, Iarscríbhinn 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 375 final, Iarscríbhinn 1 ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2017) 375 final, Iarscríbhinn 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2017
COM(2017) 375 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINNÍ

## Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

## maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú

{SWD(2017) 262 final}
{SWD(2017) 263 final}

**IARSCRÍBHINNÍ**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú**

**Earraí cultúrtha a chumhdaítear le hAirteagal 2(1)**

| Catagóirí earraí cultúrtha | Caibidil, Ceannteideal nó Fo-cheannteideal den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) | Tairseach aoise íosta | Aonaid fhorlíontacha |
|---|---|---|---|
| (a) Bailiúcháin uathúla agus eiseamail neamhchoitianta de fauna, flora, mianraí agus baill coirp, agus réada is inspéise ó thaobh na pailé-ointeolaíochta de; | ex 9705 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (b) réada a bhaineann leis an stair, lena n-áirítear stair na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus an stair mhíleata agus shóisialta, le beatha ceannairí náisiúnta, smaointeoirí, eolaithe agus ealaíontóirí agus le heachtraí a bhfuil tábhacht náisiúnta leo; | ex 9705 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (c) torthaí tochailtí seandálaíochta, lena n-áirítear tochailtí rialta nó folaitheacha, nó fionnachtana seandálaíochta ar thír nó faoi uisce; | ex 9705; ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (d) eilimintí de shéadchomharthaí ealaíne nó staire nó de láithreáin seandálaíochta a briseadh suas; | ex 9705; ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (e) seaniarsmaí, amhail inscríbhinní, boinn agus séalaí greanta; | ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (f) réada is inspéise ó thaobh na heitneolaíochta de; | ex 9705 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (g) réada is inspéise ó thaobh na healaíne de, amhail: | / | / | / |
| (i) pictiúir, péintéireachtaí agus líníochtaí arna ndéanamh go hiomlán de láimh ar aon taca agus as aon ábhar, seachas dearthaí tionsclaíocha agus earraí monaraithe arna maisiú de láimh; | ex 9701 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (ii) bunsaothair ealaíne dealbhaí agus | ex 9703 | Os cionn 250 | líon na n-ítimí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| dealbhóireachta in aon ábhar; | | bliain d'aois | (p/st) |
| (iii) greantaí, priontaí agus liteagraif bhunaidh; | ex Caibidil 49; ex 9702; | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (iv) bunchóimeálacha ealaíne agus bunmhontáisí ealaíne in aon ábhar; | ex 9701 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (h) lámhscríbhinní agus ioncúnabail uathúla; | ex 9702; ex 9706; ex 4901 10 agus ex 4901 99; ex 4904; ex 4905 91 agus ex 4905 99; ex 4906 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (i) seanleabhair, seandoiciméid agus seanfhoilseacháin ar díol spéise ar leith iad, ina n-aonar nó i mbailiúcháin; | ex 9705; ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (j) stampaí poist, stampaí ioncaim agus stampaí comhchosúla eile, ina n-aonar nó i mbailiúcháin; | ex 9704 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (k) cartlanna, lena n-áirítear cartlanna fuaime, grianghrafadóireachta agus cineamatagrafaíochta; | ex 3704; ex 3705; ex 3706; ex 4901; ex 4906;<br>ex 9705; ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |
| (l) baill troscáin agus seanuirlisí ceoil. | ex 9706 | Os cionn 250 bliain d'aois | líon na n-ítimí (p/st) |